Rochtain phoiblí ar dhoiciméid an Ombudsman Eorpaigh

Doiciméad - 17/11/2020

Tá trédhearcacht agus cuntasacht don phobal ina gcroíthosaíochtaí a bhféachann an tOmbudsman Eorpach le hiad a chur chun cinn i riarachán AE, ach treoraíonn siad obair Oifig an Ombudsman Eorpaigh freisin.

De réir an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Airteagal 15), tá ag saoránaigh agus ag daoine dlítheanacha a chónaíonn san Aontas ceart rochtana ar aon doiciméad atá i seilbh geall le gach ceann d'institiúidí AE. Is ceart bunúsach é sin a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an AE (Airteagal 42) freisin. Tá feidhm ag an gceart rochtana maidir le doiciméid i scríbhinn (idir dhoiciméid fhisiciúla agus dhoiciméid leictreonacha) agus maidir le taifeadtaí fuaime/closamhairc a bhaineann le beartais, gníomhaíochtaí nó cinntí institiúidí AE.

Faoi rialacha AE maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid (Rialachán 1049/2001), féadfaidh daoine den phobal dul i dteagmháil leis na hinstitiúidí chun rochtain ar dhoiciméid shonracha a iarraidh (i gcás inarb eol dóibh go bhfuil siad ann) nó chun a iarraidh go sainaithneodh an institiúid doiciméid ar ábhar ar leith ar mian leo rochtain a fháil orthu. Ní fhéadfaidh na hinstitiúidí rochtain a dhiúltú ach amháin in imthosca eisceachtúla, i gcás ina mbainfeadh nochtadh na ndoiciméad an bonn de leasanna áirithe a leagtar amach i Rialachán 1049/2001.
Rochtain ar dhoiciméid atá i seilbh an Ombudsman Eorpaigh
De réir Rialachán 1049/2001, ba cheart d'institiúidí clár poiblí doiciméad a chruthú. Chuige sin, foilsíonn an tOmbudsman doiciméid phríomhghnó ar an rannán cásanna ar líne dár suíomh gréasáin, mar aon le gach doiciméad arna nglacadh i ndáil le straitéis , beartas agus bainistíocht . Déantar é sin bunaithe ar Cinneadh ar Bhainistíocht Taifead agus plean comhdaithe doiciméad an Ombudsman.

Dá mba mhaith leat rochtain a iarraidh ar dhoiciméid eile atá i seilbh an Ombudsman Eorpaigh, féadfaidh tú iarraidh ar rochtain ar dhoiciméid a chur isteach in **aon cheann de theangacha oifigiúla AE** :
- tríd an **bpost** chuig: 1 avenue du Président Robert Schuman CS 30403 F-67001 Strasbourg Cedex,
- tríd an **bhfoirm teagmhála** atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin.
- nó trí **fhacs** : +33 388179062,
Cén uair is dócha go bhfaighidh mé freagra ar an iarraidh uaim?
- Ba cheart iarratais ar rochtain ar dhoiciméid a láimhseáil go pras. Tabharfaimid admháil go bhfuarthas an iarraidh agus, **laistigh de 15 lá oibre** ón iarraidh a chlárú, **déanfaimid rochtain a thabhairt nó a dhiúltú** ar an doiciméad agus míneoimid na cúiseanna leis an

gcinneadh uainn.
- Más rud é go mbaineann an iarraidh le líon mór doiciméad nó gur iarraidh an-chasta í, is féidir go mbeidh orainn **15 lá oibre eile** a chur leis an spriocdháta chun an t-iarratas a phróiseáil. Más amhlaidh atá sé, cuirfimid ar an eolas tú.
Cad a tharlóidh más rud é nach mbeidh mé sásta leis an toradh?
Más rud é nach mbeidh tú sásta leis an gcinneadh ar an iarraidh uait, féadfaidh tú iarraidh orainn athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh uainn (rud ar a dtugtar 'iarratas daingniúcháin'). Déanfaidh an tArd-Rúnaí measúnú nua agus tabharfar freagra duit laistigh de **15 lá oibre** ón iarraidh uait a chlárú. In imthosca eisceachtúla, is féidir go gcuirfimid **15 lá oibre eile** leis an teorainn ama. Más amhlaidh atá sé, cuirfimid ar an eolas tú.

Más rud é go ndiúltóimid rochtain agus gur mian leat cur in aghaidh an chinnidh sin, tabhair do d'aire go bhféadfaidh tú imeachtaí a thionscnamh os comhair na **Cúirte Ginearálta** faoi na coinníollacha a shonraítear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Airteagal 263).

Tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme Rialachán 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí
- Tuarascáil bhliantúil maidir le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid faoi Rialachán 1049/2001 in 2019 agus in 2020
- Tuarascáil bhliantúil maidir le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid faoi Rialachán 1049/2001 in 2021